Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

# Office of the Director of Public Prosecutions

## Tuarascáil Bhliantúil 2014



Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ,
Bóthar na hOtharlainne,
Baile Átha Cliath 7.

Tel: + 353 1 858 8500
Fax: + 353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

An Príomh-Aturnae Ionchúisimh,
90 Sráid an Rí Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7

Tel: +353 1 858 8500
Fax: +353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2015

# CLÁR

Réamhrá ... 4

CUID 1: OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE ... 7

1.1 Obair Ghinearálta na hOifige ... 8

1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil ... 9

1.3 Struchtúr na hEagraíochta ... 10

CUID 2: SÚIL SIAR AR AN 2014 ... 11

2.1 Súil Siar ar an 2014 2014 ... 12

2.2 Caiteachas na hOifige ... 16

2.3 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2012 ... 19

2.4 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 ... 20

2.5 Saoráil Faisnéise ... 21

2.6 Tuarascáil Bhliantúil Maidir le hÉifeacht-úlacht Fuinnimh 2014 ... 22

2.7 Scéim na Gaeilge ... 23

CUID 3: CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ ... 24

3.1 Cora Nua i gcúrsaí dlí 2014 ... 25

CUID 4: STAITISTICÍ ... 30

4.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas ... 32

4.2 Torthaí na gCásanna arna n-Ionchúiseamh ar Díotáil ... 40

4.3 Iarratais chuig na Cúirteanna ... 52

4.4 Iarrataí ar Eiseachadadh ... 57

4.5 Cúnamh Dlí Frithpháirteach ... 58

# RÉAMHRÁ



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2014 a chur i láthair.

Mar a bhfuil cur síos air i gCaibidil 4, tar éis laghdú ar an líon in 2012 agus 2013, tháinig méadú ar líon na gcomhad ionchúisimh a cuireadh faoi bhráid m'Oifige i rith 2014. Bhain an méadú seo go príomha le hardú ar líon na gcásanna níos tromchúisí a cuireadh isteach le haghaidh ordacháin maidir le hionchúiseamh. In 2011 thaifeadamar an líon ab airde riamh de chomhaid dá leithéid a fuaireamar.

Ainneoin an mhéadaithe fhoriomláin ar líon na gcomhad agus éilimh eile ar acmhainní lean an Oifig uirthi ag sárú a spriocanna don am a tógadh chun ordacháin a eisiúint, agus beagnach 70% de na comhaid go léir á n-ordú laistigh de mhí amháin agus beagnach 90% díobh laistigh de thrí mhí.

In 2014 leanamar orainn ag baint coigiltis amach trí fheidhmiú beartais láidir réiteach costais. D'ardaigh caiteachas ar tháillí abhcóide ó €13 mhilliún go €13.4 milliún de bharr roinnt trialacha fada, cuid acu bainteach le calaois agus coireacht an bhóna bháin. Tá an treocht seo ceaptha leanúint ar aghaidh sna blianta atá romhainn bainteach le cúinsí atá os comhair na gcúirteanna faoi láthair.

Bunaíodh an Chúirt Achomhairc in 2014. Shuigh an Chúirt den chéad uair i Samhain 2014 agus, mar a bhfuil cur síos air i gCaibidil 2, faoi dheireadh na bliana bhí 118 cás achomhairc coiriúil próiseáilte ag an gCúirt. Lean an tús seo ag an gCúirt Achomhairc, ar cuireadh fáilte mhór roimhe, isteach sa bhliain agus éisteadh le 280 cás achomhairc coiriúil faoi dheireadh mí Iúil na bliana seo. Tá dul chun cinn déanta ag an gCúirt dá réir maidir leis an riaráiste nach beag in achomhairc choiriúla.

Mar a raibh coinne leis roimhe seo, d'fhág na forbairtí seo go raibh méadú ar acmhainní foirne a theastaigh le seirbhís a thabhairt don Chúirt Achomhairc agus freisin ar tháillí abhcóidí. D'fhág an t-ualach oibre méadaithe ar m'Oifigse gur ceadaíodh acmhainní foirne breise ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sháraigh táillí abhcóidí d'achomhairc a íocadh go dtí seo i mbliana an t-iomlán a íocadh don bhliain iomlán in 2014.

Maidir le cóiríocht níor éirigh linn go fóill ár gcuspóir a bhaint amach chun foireann uile na hoifige a thabhairt isteach go dtí ár gceannáras nua ag Bóthar na hOtharlainne taobh leis na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla. Tháinig foireann bhreise linn as an oifig i Sráid an Rí Thuaidh ag Bóthar na hOtharlainne in 2014. Ach ainneoin na cóiríochta atá fanta a bheith folamh i Samhain 2014 áfach, is cosúil nach féidir an tionscadal a thabhairt chun críche go ceann píosa eile. Mar a dúirt mé roimhe seo, tá tabhairt le chéile foireann na hoifige ar aon láthair amháin criticiúil chun uas-éifeachtaí a bhaint amach.

Is cosúil anois nach dóigh go mbeidh na hoibreacha riachtanacha a theastaíonn roimh sheilbh a ghlacadh ar an gcóiríocht atá fanta, tugtha chun críche go dtí amach go maith sa bhliain 2016.

Mar a bhfuil cur síos air i gCaibidil 3, bhí forbairtí suntasacha sa chóras dlí choiriúil in 2014 i dtaobh athraithe sa chleachtas maidir le hagallaimh a chur ar dhaoine atá faoi amhras. Ag éirí as na breithiúnais sa Chúirt Uachtarach in dhá chás a éisteadh le chéile (DPP v. Raymond Gormley agus DPP v. Craig White), d'eisigh mise comhairle do Choimisinéir na nGardaí má theastaigh ón té a raibh amhras faoi a (h)aturnae a bheith i láthair agus agallamh á chur air/uirthi le

linn a c(h)oinneála, ansin ba chóir géilleadh don iarratas. Cé gur thángthas ar chinneadh maidir leis na cásanna a bhí os comhair na Cúirte Uachtaraí ar bhoinn eile thug an Chúirt treoir shoiléir maidir lena smaointeoireacht ar an gceist seo don todhchaí. Ba sna cúinsí sin a eisíodh an chomhairle.

Tá sé tábhachtach béim a leagan air áfach gur ceanglaíodh le roinnt mhaith blianta go ndéanfaí agallaimh le daoine a bhí faoi amhras agus faoi choinneáil a thaifeadadh, ní hamháin ó thaobh fuaime ach ó thaobh físe freisin sa chaoi gur féidir a fheiceáil céard a tharla i rith agallaimh ar bith. Bhí caidreamh leanúnach idir m'Oifigse agus An Garda Síochána agus páirtithe leasmhara eile faoin gcaoi ar chóir don fhorbairt nua seo oibriú ó thaobh na praiticiúlachta de.

Ag breathnú romhainn amach anois, meastar go rithfear an reachtaíocht sna míonna amach romhainn a dhéanfaidh an Treoir ón Aontas Eorpach lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartach na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint, a thrasuí i ndlí na hÉireann. Faoi láthair níl an dréachtreachtaíocht foilsithe fós. Is é 16 Samhain 2015 an spriocam do thrasuí.

Ar an dáta sin beidh éifeacht dhíreach, i gcomhréir le dlí an AE, ag an Treoir ón AE. Is céim thábhachtach í, lena mbunaítear cearta chun cabhrú le híospartaigh a d'fhulaing go fisiceach, go mothúchánach agus ó thaobh airgid de, mar thoradh ar choireacht. Tabharfaidh m'Oifigse, achoimre ar na fáthanna d'íospartaigh, ar iad a iarraidh, faoi gan ionchúiseamh, i ngach cinneadh arna dhéanamh an 16 Samhain 2015 nó ina dhiaidh sin, faoi réir roinnt eisceachtaí teoranta.

Beidh an obair seo an-dian ar acmhainní. Tar éis moltaí a cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tá áthas orm go bhfuil aonad beag tiomanta (An tAonad Cumarsáide agus Caidreamh Íospartach) bunaithe chun na struchtúir agus na nósanna imeachta a theastaíonn chun a chinntiú go bhfaigheann íospartaigh agus a dteaghlaigh an tseirbhís a bhfuil siad i dteideal a fháil. Caithfear fanacht go bhfeicfear an leor na hacmhainní a ceadaíodh chun ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Is ábhar é seo a bheidh faoi athbhreithniú sna míonna atá romhainn.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann i m'Oifigse, leis na hAturnaetha Stáit mórthimpeall na tíre agus le hiliomad ball den Bharra atá rannpháirteach i bhfeidhmiú na seirbhíse ionchúiseamh as a dtiomantas leanúnach agus a n-obair chrua.



Claire Loftus
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Deireadh Fómhair 2015

## RÁITEAS MHISIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

# CUID 1:
## OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

# 1.1 OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

**1.1.1** Is í príomhfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh phoiblí agus nithe gaolmhara coiriúla a threorú agus a mhaoirsiú.

**1.1.2** Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna lena n-déileálann an Oifig. Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

**1.1.3** Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Soláthraíonn an Rannán Aturnaetha, faoi cheannaireacht an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, seirbhís aturnae chuig an Stiúrthóir in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach á n-ullmhú agus á gcur i láthair. Fostaítear 32 aturnae stáit lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn conartha chun seirbhís aturnae a chur ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt ábhar na Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

Faigheann na trí Rannán tacaíocht ina gcuid oibre ó:

- An tAonad Taighde agus Polasaí, a chuireann taighde dlí agus polasaí ar fáil, a dhéanann polasaithe ionchúisimh a fhorbairt agus a thugann comhairle maidir le doiciméid polasaí dlí a chuirtear faoi bhráid na hOifige lena mbreithniú.
- Cuireann Aonad na Leabharlainne seirbhísí eolais agus saineolais ar fáil don fhoireann riaracháin agus dlí.
- An tAonad Idirchaidreamh Íospartach & Cumarsáide atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a cuid oibleagáidí mar atá leagtha amach i dTreoir 2012/29/AE ón AE, ina leagtar amach na híoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh coire.

# 1.2 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMHCHOIRIÚIL

### AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre i ndáil le cionta nach cionta tromchúiseacha a sheoladh sa Chúirt Dúiche (faoi réir ag cumhacht an DPP treoir a thabhairt)
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta tromaí

### RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath) | ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

### RANNÁN NA dTREORACHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

### RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath) | ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Treoracha ó Rannán na dTreoracha a chur chun feidhme
- Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
- Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
- Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreorach
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil

### ABHCÓIDE IONCHÚISIMH

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

### NA CÚIRTEANNA

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbhreith a ghearradh

# 1.3 STRUCHTÚR NA hEAGRAÍOCHTA

(Suas go dtí Deireadh Fómhair 2015)



# CUID 2:

## SÚIL SIAR AR AN 2014

# 2.1 SÚIL SIAR AR AN 2014

## Réamhrá

**2.1.1** Ba é an bhliain 2014 an dara bliain d'fheidhmiú Phlean Straitéiseach 2013 - 2015 d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Aithníonn an plean straitéiseach na príomhthosaíochtaí agus dúshláin don Oifig agus leagann amach na straitéisí a chuirfimid i bhfeidhm don tréimhse trí bliana chun seachadadh seirbhíse ionchúiseamh éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú.

**189**
**Líon na bhfostaithe ar fhoireann Oifig an DPP**

**2.1.2** Leagtar amach staitisticí bainteach le próiseáil comhad ionchúiseamh agus torthaí cásanna i gCuid 4 den tuarascáil seo. Cuireann an chaibidil seo síos ar na straitéisí bainistíochta a chuir taca faoi agus a d'éascaigh soláthar na seirbhíse ionchúiseamh i rith 2014.

### Bainistíocht Straitéiseach

**2.1.3** Is príomhghné de bhainistíocht straitéiseach na seirbhíse ionchúiseamh ár dtiomantas leanúnach d'athchóiriú na seirbhíse poiblí. I gcomhar le heagraíochtaí eile earnála poiblí caithfidh an Oifig seo feidhmiú i dtimpeallacht de chaiteachas agus líon foirne atá laghdaithe go suntasach. Ag an am céanna caithfimid leanúint orainn ag cur seirbhíse ionchúiseamh den chaighdeán gairmiúil is airde ar fáil. Tá sé ag éirí níos deacra é seo a bhaint amach mar gheall ar éilimh atá ag dul i méid.

**2.1.4** Ba é 189 an uasteorainn foirne a leag an Rialtas síos d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí do 2014. D'fheidhmigh an Oifig faoin uasteorainn seo do 2014 le líon foirne iomlán de 184.7 coibhéis lánaimseartha ar 1 Eanáir 2014.

**2.1.5** Fostaíonn an Oifig freisin 32 aturnae stáit ar bhonn conartha le hionadú a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra i gCúirteanna Cuarda lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis seo tarraingíonn an Oifig ó phainéil abhcóidí a dtugtar mionteagasc dóibh ar bhonn cás ar chás chun cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla.

**2.1.6** B'ionann an costas iomlán ar reáchtáil na seirbhíse ionchúiseamh do 2014 agus €36.7m. Léiríonn sé seo méadú de €0.55m ar chostas na seirbhíse sa bhliain roimhe sin. D'eascair an méadú seo go príomha as na táillí a íocadh le aturnae do thriail amháin thar a bheith fada agus casta.

**€36.7m**
**Costas na Seirbhíse Ionchúisimh**

**2.1.7** B'ionann táillí a íocadh le habhcóide agus 37% de chostas iomlán na seirbhíse in 2014. Íocadh 32% eile i dtuarastail agus i bpá le foireann san Oifig. Seirbhís Aturnae an Stáit ba chúis le 17%. B'ionann 7% eile agus an méid a íocadh i gcostais dhlíthiúla a dheonaigh na cúirteanna agus caitheadh 7% ar chostais riaracháin ghinearálta oifige.

**2.1.8** Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iarracht i gcónaí freagairt do na dúshláin a bhaineann le soláthar seirbhíse ionchúisimh éifeachtaigh laistigh de na srianta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le blianta beaga. Níl de rogha ag an Oifig seo ar an obair a dhéanann sí nó ní féidir linn líon na gcomhad fiosrúcháin choiriúla a fhaighimid a rialú.

**2.1.9** Tá an Oifig tar éis nósanna imeachta rialachais agus srianta inmheánacha láidre a fhorbairt. Bhuail ár gCoiste Iniúchta, a bhfuil baill neamhspleácha san áireamh air, le chéile trí huaire i rith 2014. Cuireadh trí thuarascáil iniúchta inmheánacha ar fáil a chlúdaigh na réimsí seo a leanas: Athbhreithniú ar Chórais Rialuithe Inmheánaigh; Tuarascáil Airgeadais; agus Sócmhainní Seasta. Cuireadh na tuarascálacha ina dhiaidh sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Oiliúint & Forbairt

**2.1.10** Tá an timpeallacht dhlíthiúil ina bhfeidhmímid ag athrú de shíor. Caithfidh an Oifig seo coinneáil ar an eolas maidir le forbairtí dlíthiúla, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus an méadú leanúnach i gcastacht an dlí agus cleachtais choiriúla a chur san áireamh. Tá sé ríthábhachtach mar sin go gcinntímid go gcuirtear deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha ar fáil dár bhfoireann dhlíthiúil sa chaoi go bhfuil siad eolach faoi na forbairtí is deireanaí i ndlí coiriúil.

**€315,957**
**An tsuim a infheistíodh in oiliúint na foirne**

**2.1.11** Infheistíodh 2.47% de chostais phárolla in iomlán in oiliúint agus i bhforbairt foirne in 2014, arbh ionann é agus €315,957 in iomlán. Caitheadh timpeall €85,500 den chaiteachas seo ar oiliúint d'fhoireann dhlíthiúil, mar aon le €46,900 ar Aisíoc Táillí Oideachais.

**2.1.12** Cé gur laghdaíodh an buiséad oiliúna foriomlán don Oifig le blianta beaga anuas, tá ár nGrúpa Stiúrtha Oiliúna Dlíthiúla tar éis clár oiliúna dlíthiúla a fhorbairt don fhoireann le fócas láidir ar dheiseanna forbartha inmheánacha agus saineolas inmheánach agus seachtrach araon á úsáid i réimsí den dlí coiriúil. Ar na hábhair a clúdaíodh in 2014 áiríodh ceartas ógánach, fianaise, agus an Chúirt nua Achomhairc.

**2.1.13** I rith 2014 reáchtáil an Oifig Cúrsa Abhcóideachta Ionchúiseamh-bhunaithe inmheánach áit ar bhaill foirne ón Oifig seo móramh na n-éascaitheoirí a chéadcháiligh mar oiliúnóirí go sonrach leis an gcúrsa seo a éascú. Beidh oiliúint abhcóideachta a dhéanfar san Oifig amach anseo bunaithe ar an tsamhail seo agus cuirfidh sí ar chumas na hOifige sainchláir níos giorra a reáchtáil de réir mar a bhíonn gá leis.

**3,242**
**pointí CPD a dámhadh ar an bhfoireann ghairmiúil**

**2.1.14** Bhain an fhoireann ghairmiúil go léir a gceanglais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) amach in 2014, is é sin, líon iomlán 3,242 pointe CPD. Léiríonn sé seo méadú 10% ar líon na bpointí CPD a bronnadh in 2013.

**2.1.15** Chomh maith le tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach iad féin, sheachaid foireann ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí oiliúint do ghníomhaireachtaí seachtracha freisin maidir le cúrsaí ionchúisimh. San áireamh anseo tá 53 uair an chloig oiliúna do chomhaltaí An Gharda Síochána agus 64 uair an chloig oiliúna d'aturnaetha faoi oiliúint i nDlí-Chumann na hÉireann. Chomh maith leis seo d'éascaigh an Oifig dhá chlár oiliúna do ghrúpaí Aturnaetha Stáit a chlúdaigh réimsí sainiúla den dlí coiriúil.

## Nósanna Imeachta Dlíthiúla

2.1.16 Leanann an Oifig uirthi ag obair le páirtithe leasmhara eile sa chóras dlí coiriúil agus iarracht á dhéanamh nósanna imeachta a shruthlíniú d'fhonn an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla acmhainní a bhaint amach.

2.1.17 Chonacthas bunú na Cúirte nua Achomhairc in 2014. B'ionann é seo agus ceann de na forbairtí is tábhachtaí i struchtúr na gcúirteanna ó bhunú an Stáit. Ritheadh reifreann ar 4 Deireadh Fómhair 2013 a mhol go ndéanfaí Alt 34 de Bhunreacht na hÉireann a leasú chun cruthú Cúirte Achomhairc nua a cheadú. Ritheadh an tAcht um an gCúirt Achomhairc 2014 chun bheith ina dhlí ar 20 Iúil 2014. Bunaíodh an Chúirt Achomhairc nua go foirmiúil ar 28 Deireadh Fómhair 2014.

2.1.18 Suíonn an chúirt nua idir an tArd-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach agus ghlac ar lámh dlínse achomhairc reatha na Cúirte Uachtaraí ar chúrsaí sibhialta, agus na Cúirte Achomhairc Coiriúil ar chúrsaí coiriúla. Aistríodh timpeall is 686 cás ón gCúirt Achomhairc Choiriúil agus ón gCúirt Uachtarach go dtí an chúirt nua.

2.1.19 Bhí céad suí oifigiúil de chuid na cúirte ar an gCéadaoin 5 Samhain 2014. Éisteadh an chéad chás achomhairc choiriúil ar 10 Samhain 2014. Mar ullmhú don chúirt d'fheidhmigh an Oifig seo againne foireann riaracháin agus dlíthiúil bhreise inár Rannóg Achomhairc.

2.1.20 Faoi dheireadh Nollaig 2014, bhí 118 cás achomhairc coiriúil próiseáilte sa chúirt. Ba mhór an éacht é seo agus tús spreagúil don Chúirt nua seo. Ba mheascán na cásanna a éisteadh i rith na tréimhse sin d'achomhairc phianbhreithe ó dhaoine ciontaithe agus iarratais ón Stiúrthóir ar athbhreithnithe ar phianbhreitheanna. Agus riaráiste cásanna le próiseáil ag an gcúirt go fóill meastar gur bliain ghnóthach a bheidh in 2015 do na páirtithe go léir a dhéileálann leis an gCúirt seo.

## Idirghníomhaíocht le Gníomhaireachtaí Eile

2.1.21 Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de roinnt gníomhaireachtaí atá ag obair taobh istigh den chóras dlí coiriúil. Tá sé tábhachtach d'obair na hOifige seo go ndéanaimid iarracht de shíor caidreamh le grúpaí páirtithe leasmhara aonair a feabhsú agus tionscnaimh a fhorbairt chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú.

2.1.22 In 2014 bhí an Oifig ina hóstach arís ar Sheimineár Bliantúil Aturnaetha Stáit agus ar Chomhdháil Bhliantúil Ionchúisitheoirí Náisiúnta. Chruthaigh an dá imeacht seo thar a bheith tairbhiúil i dtabhairt le chéile iad siúd atá rannpháirteach in ionchúiseamh coireachta ar leibhéal náisiúnta chun saincheisteanna tráthúla agus forbairtí dlíthiúla nua a phlé. Is bealach thar a bheith cost-éifeachtúil freisin iad chun sainoiliúint ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil don chohórt níos leithne ionchúisitheoirí.

2.1.23 Leanann an Oifig de bheith rannpháirteach in agus de chur le grúpaí idirghníomhaireachta éagsúla lena n-áirítear: An Coiste Dlí Coiriúil de Dhlí-Chumann na hÉireann; an Coiste Comhairleach ar Agallamh a Chur ar Dhaoine faoi Choimeád na nGardaí; grúpa idir-rannach a scrúdaíonn saincheisteanna maidir le daoine a bhfuil meabhairghalar orthu a thagann i dteagmháil leis an gcóras dlí coiriúil; Grúpaí Úsáideoirí Seirbhís na gCúirteanna éagsúla; Grúpa Caidrimh Seirbhísí d'Íospartaigh a bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais; Grúpa Oibre an Cheartais Choiriúil; an Roinn Iompair ar Chur i bhFeidhm Pointí Pionóis; Grúpa Chlár Athstiúrtha Óige; agus an Coiste Stiúrtha ar Fhrithsciúradh Airgid a bhunaigh an Roinn Airgeadais.

2.1.24 Rannchuidigh an Oifig le forbairt an dlí choiriúil ag leibhéal idirnáisiúnta agus ghlac páirt i roinnt tionscnamh bainteach le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Leanamar orainn freisin ag rannchuidiú le hobair chomhlachtaí agus eagraíochtaí

idirnáisiúnta lena n-áirítear EUROJUST; GRECO; OLAF; Eurojustice; Comhlachas Idirnáisiúnta Ionchúisitheoirí; Cumann Idirnáisiúnta d'Athchóiriú an Dlí Coiriúil; agus Cumann Idirnáisiúnta an Bharra.

**2.1.25** I Lúnasa 2014 d'éascaigh an Oifig cuairt ó bhreithiúna agus ó reachtóirí ó Uganda. Tugadh léargas don toscaireacht ar obair na hOifige seo, go háirithe ar an obair a dhéanann ár Rannóg Urghafa Sócmhainne agus ár ndlíodóirí sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

**2.1.26** I mBealtaine 2014 chuir Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tairiscint isteach leis an 21ú Chomhdháil Bhliantúil agus Cruinniú Ginearálta Chumann Idirnáisiúnta Ionchúisitheoirí (IAP) a óstáil i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2016. D'éirigh leis an tairiscint agus tá pleanáil don chomhdháil ar siúl anois. Tugann an chomhdháil IAP an deis d'ionchúisitheoirí ó mhórthimpeall an domhain bualadh le comhghleacaithe chun saincheisteanna dlí coiriúil a phlé, eispéiris dea-chleachtais a roinnt, agus foghlaim ó ionchúisitheoirí coiriúla ar saineolaithe iad i réimsí ar leith den dlí coiriúil. Meallann an chomhdháil bhliantúil idir 350 - 500 ionchúisitheoir de ghnáth ó sheirbhísí ionchúiseamh mórthimpeall an domhain agus a ionadaíonn do suas le 95 dlínse difriúla.

# 2.2 CAITEACHAS NA hOIFIGE

Tugtar briseadh síos i gCairt 2.2.1 ar chaiteachas na hoifige i rith na mblianta 2014, 2013 agus 2012.

**Tuarastail & Pá:** Is ionann seo agus an caiteachas ar thuarastail na ndaoine atá fostaithe san Oifig. B'ionann líon iomlán na foirne ar an 1 Eanáir 2014 agus 184.7.

**Costais Oifige:** An caiteachas ginearálta maidir le riarachán ar an oifig atá i gceist leis seo agus tugtar san áireamh costas ceannacháin agus cothabhála maidir le trealamh oifige, soláthairtí oifige, costas leabharlannaíochta, costas cothabhála maidir le háitribh oifige, costas taistil agus caiteachas teagmhasach eile. An costas maidir le haistriú go dtí áitreabh oifige nua ba chúis den chuid is mó leis an ardú ar an gcaiteachas i rith na bliana 2012.

**Seirbhís na nAturnaetha Stáit:** Is é a bhaineann leis seo tuarastail agus costais a íoc le 32 Aturnae Stáit atá i mbun cleachtais ar bhonn príobháideach agus atá ar conradh ag an Oifig seo maidir le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

**Táillí Abhcóide:** Táillí iad seo a íoctar le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla. Is de réir pharaiméadair atá leagtha síos ag an Aire Airgeadais a shocraítear na táillí.

**Costais Ghinearálta Dlí:** Is é atá i gceist leis seo íocaíochtaí i ndáil le costais dlíthiúla a ndéanann na cúirteanna iad a dhámhachtain i gcás athbhreithnithe breithiúnacha agus iarratais eile a bhaineann le himeachtaí dlí in aghaidh an Stiúrthóra.

## CAIRT 2.2.1: CAITEACHAS OIFIGE

| | 2014 € | % | 2013 € | % | 2012 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastail, Pá & Liúntais | 11,825,780 | 32% | 12,154,661 | 34% | 12,433,570 | 32% |
| Costais Oifige | 2,427,721 | 7% | 2,065,636 | 6% | 2,581,245 | 7% |
| Seirbhís na nAturnaetha Stáit | 6,401,954 | 17% | 6,499,799 | 17% | 6,436,710 | 16% |
| Táillí Abhcóide | 13,399,223 | 37% | 13,016,063 | 36% | 12,277,163 | 32% |
| Costais Ghinearálta Dlí | 2,647,470 | 7% | 2,412,643 | 7% | 5,118,017 | 13% |
| **IOMLÁN** | **36,702,148** | | **36,148,802** | | **38,846,705** | |



Léirítear i gCairteanna 2.2.2 & 2.2.3 briseadh síos ar an gcaiteachas i ndáil le táillí abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus briseadh síos de réir an réigiúin i ndáil leis an gCúirt Chuarda Choiriúil.

Tugtar san áireamh leis na táillí a íocadh le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, táillí i ndáil le comhairle maidir le cruthúnas, leis an dréachtadh maidir le díotáil, le comhairliúchán, le díotchúiseamh, le cás a chur i láthair agus le hócáidí eile ar ghá theacht i láthair e.g. pianbhreith a fhógairt.

Táillí i ndáil le hiarratais ar bhannaí agus leis an obair ullmhúcháin agus le héisteachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach is mó a bhaineann leis an gcaiteachas ar tháillí maidir leis an Ard-Chúirt.

## CAIRT 2.2.2: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CÚIRTE

| | 2014 € | % | 2013 € | % | 2012 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chúirt Chuarda | 7,615,411 | 57% | 7,501,518 | 58% | 6,832,055 | 56% |
| An Phríomh-Chúirt Choiriúil | 3,252,484 | 24% | 3,490,017 | 27% | 3,389,493 | 28% |
| An Ard-Chúirt | 1,043,487 | 8% | 1,182,939 | 9% | 1,097,662 | 9% |
| An Chúirt Uachtarach | 311,567 | 2% | 157,760 | 1% | 207,376 | 2% |
| An Chúirt Achomhairc | 583,240 | 4% | 433,760 | 3% | 415,389 | 3% |
| An Chúirt Choiriúil Speisialta | 578,904 | 4% | 230,029 | 2% | 324,105 | 3% |
| An Chúirt Dúiche | 14,130 | 0% | 20,040 | 0% | 11,083 | 0% |
| **IOMLÁN** | **13,399,223** | | **13,016,063** | | **12,277,163** | |



## CAIRT 2.2.3: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CUARDA

| | 2014 € | % | 2013 € | % | 2012 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuaird Bhaile Átha Cliath | 3,752,005 | 49% | 3,703,814 | 49% | 3,793,304 | 56% |
| Cuaird Chorcaí | 754,179 | 10% | 437,232 | 6% | 516,238 | 8% |
| Cuaird an Oirthir | 707,131 | 9% | 659,969 | 9% | 587,581 | 9% |
| Cuaird Lár Tíre | 402,754 | 5% | 483,444 | 6% | 268,423 | 4% |
| Cuaird an Oirdheiscirt | 844,631 | 11% | 1,140,316 | 15% | 764,846 | 11% |
| Cuaird an Iardheiscirt | 557,258 | 7% | 591,107 | 8% | 478,994 | 7% |
| Cuaird an Iarthair | 380,445 | 5% | 259,606 | 3% | 230,683 | 3% |
| Cuaird an Tuaiscirt | 217,007 | 3% | 226,030 | 3% | 191,986 | 3% |
| **IOMLÁN** | **7,615,410** | | **7,501,518** | | **6,832,055** | |



# 2.3 SLIOCHT AS AN GCUNTAS LEITHREASA 2012

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2013, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| | | Soláthars na Meastacháin €'000 | 2013 Toradh €'000 | 2012 Toradh €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **CAITEACHAS CLÁIR** | | | | |
| **A.** | Seirbhís Ionchúisimh a Sholáthar | 38,389 | 37,145 | 39,890 |
| | **Ollchaiteachas** | **38,389** | **37,145** | **39,890** |
| | *Lúide* | | | |
| **B.** | **Leithreasaithe-i-gCabhair** | **975** | **996** | **1,043** |
| | **Glaniomlan** | **37,414** | **36,149** | **38,847** |

**An Barrachas atá le Géilleadh**

Dlitear barrachas an méid a soláthraíodh i gcomparáid leis an nglanmhéid a úsáideadh a thabhairt don Státchiste

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| An Barrachas atá le Géilleadh | 1,265,198 | 706,295 |

**Anailís ar Chaiteachas Riaracháin**

| | | Soláthars na Meastacháin €'000 | 2012 Toradh €'000 | 2011 Toradh €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **I.** | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 12,831 | 13,025 | 13,321 |
| **II.** | Taisteal agus Cothabháil | 109 | 95 | 97 |
| **III.** | Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha | 1,096 | 868 | 965 |
| **IV.** | Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | 270 | 182 | 287 |
| **V.** | Fearas Oifige agus Seirbhísí TE seachtracha | 841 | 470 | 607 |
| **VI.** | Caiteachas maidir le hÁitreabh Oifige | 716 | 543 | 747 |
| **VII.** | Seirbhísí comhairleoireachta & Athbhreithniú maidir le Luach an | 37 | 33 | 34 |
| | | **15,900** | **15,216** | **16,058** |

# 2.4 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

## Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

### FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH NA TRÉIMHSE ÓN 1 EANÁIR 2014 GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2014

**2.4.1** Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.

**2.4.2** I rith na tréimhse faoi chaibidil, bhí an Oifig mall le trí cinn d'íocaíochtaí dar luach breis agus €317.50 a dhéanamh. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €13,165. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €13,408 as luach iomlán íocaíochtaí de €2.74 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €243.66.

### Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta

**2.4.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.

**2.4.4** Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

**2.4.5** Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

**Barry Donoghue**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Meitheamh 2015

# 2.5 SAORÁIL FAISNÉISE

**2.5.1** Dhearbhaigh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003, ceart daoine den phobal rochtain ar eolas oifigiúil a fháil, lena n-airítear eolas pearsanta, oiread agus is féidir, ag teacht leis an leas poiblí agus le ceart chun príobháideachais ag daoine aonair.

**2.5.2** Ar 14 Deireadh Fómhair 2014, tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 in éifeacht agus aisghaireadh Achtanna 1997 agus 2003. Leanann an seanreachtaíocht ag feidhmiú ar aon iarratais FOI a rinneadh sular tháinig an reachtaíocht nua in éifeacht agus aon athbhreithnithe nó achomhairc ina dhiaidh sin.

**2.5.3** Forálann Alt 42(f) den Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI) 2014 – alt 46(1)b) go foirmiúil roimhe seo d'Acht 1997 – ceart rochtana amháin maidir le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an DPP. Ciallaíonn sé seo, i ndáiríre, nach bhfuil rochtain ar thaifid atá bainteach le comhaid ionchúiseamh coiriúla faoin Acht FOI.

**2.5.4** Leanann an Oifig uirthi ag cur eolas FOI ar fáil chomh héasca agus is féidir. Tá ár Leabhar Tagartha roinn 15 agus 16 ar fáil ar ár láithreán gréasáin, www.dppireland.ie. Cuireann an foilseachán seo síos ar ghnó na hOifige lena n-áirítear na cineálacha taifead a choinnítear.

**2.5.5** Féadtar dul i dteagmháil leis an Aonad um Shaoráil Faisnéise ar an teileafón ar (01) 858 8500 nó le ríomhphost ag foi@dppireland.ie. Is féidir an seoladh r-phoist seo a úsáid le hiarratas Saoráil Faisnéise a chur isteach, ach ní féidir é a úsáid agus athbhreithniú inmheánach á lorg tráth a dteastaíonn táille iarratais.

**2.5.6** I rith 2014 cuireadh ceithre iarratas déag in iomlán isteach go dtí an Oifig. Deonaíodh ceithre iarratas nó deonaíodh i bpáirt iad agus diúltaíodh deich gcinn de na hiarratais faoin Acht. Ba í an chúis a bhí leis na diúltuithe ná nár bhain na taifid a lorgaíodh le riarachán ginearálta na hOifige.

**2.5.7** Iriseoirí a chuir trí cinn de na hiarratais isteach agus daoine den phobal a chuir an t-aon cheann déag eile isteach.

**2.5.8** Sna deich gcás inar diúltaíodh d'iarratais, níor lorg aon duine den lucht iarratais athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh bunaidh.

| Iarratas a Fuarthas 2014 | |
|---|---|
| Iarratas a diúltaíodh | 4 |
| Aontaíodh go hIomlán | 10 |
| **IOMLÁN NA NIARRATAS** | **14** |

| Lucht Iarratais 2014 | |
|---|---|
| Iriseoirí | 3 |
| Daoine den Phobal | 11 |

| Cásanna Athbhreithnithe 2014 | |
|---|---|
| Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach | 0 |
| Iarratas ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise | 0 |

# 2.6 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE hÉIFEACHT-ÚLACHT FUINNIMH 2014

## Léargas ar Úsáid Fuinnimh i 2014

2.6.1 I 2014, d'ídigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 1,888.39MWh d'fhuinneamh.

Baineann an ídiú fuinnimh iomlán le téamh spáis, aeroiriúnú, uisce te, solas, córais ríomhaireachta agus trealamh eile oifige in ár bhfoirgnimh oifige i mBóthar na hOtharlainne i Sráid an Rí Thuaidh.

Tiomsaítear an figiúr mar seo a leanas:

- 943.65 MWh Leictreachais
- 944.74 MWh de Ghás Nádúrtha

## Gníomhartha a Rinneadh in 2014

2.6.2 I rith 2014, lean monatóireacht ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhar le comhairleoirí seachtracha agus conraitheoirí cothabhála. Ar na gníomhartha a rinneadh i rith 2014 áirítear seo a leanas:

- Leanadh leis an monatóireacht ar an gCóras Bainistithe Foirgneamh ríomhairithe (BMS) agus múchadh coirí gáis ar feadh tréimhsí sínte i rith an tsamhraidh.
- Chláraigh an Oifig le SEAI do Mhonatóireacht agus do Thuairisciú bainistíochta agus ídithe fuinnimh ar líne.
- Leanadh le feachtas feasachta fuinnimh leanúnach lena n-áirítear comharthaíocht chun trealamh a mhúchadh uair ar bith gur féidir agus leis na staighrí a úsáid níos minice agus cúl a thabhairt leis na hardaitheoirí.

## Gníomhartha Pleanáilte 2015

2.6.3 AAr na gníomhartha a pleanáladh do 2015 áirítear seo a leanas:

- Scrúdú na féidearthachta le haghaidh úsáid níos mó a bhaint as an gcóras BMS agus ídiú fuinnimh á bhainistiú.
- Leanúint d'fheachtas feasachta agus comharthaíocht agus póstaeir in úsáid.
- Athbhreithniú ar rialtáin téamh uisce ag Bóthar na hOtharlainne.
- Scrúdú ar fhéidearthacht le haghaidh feabhsúchán i mbainistiú na gcóras téimh ag Bóthar na hOtharlainne, le pleanáil d'uasghrádú oiriúnach ar chórais choire.

# 2.7 SCÉIM NA GAEILGE

**2.7.1** Rinne an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an 3ú Scéim Ghaeilge d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh a fhaomhadh in Eanáir 2014. Tá cóip den Scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin ar www.dppireland.ie.

**2.7.2** I rith na chéad bliana d'fheidhmiú na 3ú Scéime dhéileáil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le litir amháin agus le r-phost amháin as Gaeilge. Ní bhfuarthas aon ghlao teileafóin ar ghá déileáil leis as Gaeilge. Theastaigh seirbhísí Gaeilge i dtrí chás sa Chúirt Chuarda agus cás amháin sa Phríomh-Chúirt Choiriúil sa tréimhse a bhí faoi athbhreithniú.

**2.7.3** Chuir an Oifig dhá fhoilseachán ar fáil i rith 2014 – Tuarascáil Bhliantúil 2013 agus an 3ú Scéim Ghaeilge. Cuireadh an dá fhoilseachán ar fáil go dhátheangach.

**2.7.4** Coinnítear agus déantar nuashonrú ar láithreán gréasáin na hOifige i bhformáid dhátheangach. Cuirtear an téacs Béarla d'aon cheann de na hathruithe ar an láithreán gréasáin ar aghaidh chuig aistritheoirí seachtracha roimh iad a phostáil ar an láithreán gréasáin sa chaoi go mbíonn na hathruithe ar fáil ar leaganacha Gaeilge agus Béarla an láithreáin ghréasáin ar aon go comhuaineach ar dhul-beo.

**2.7.5** Ba é 415 an líon iomlán amharc leathanaigh ar Leagan Gaeilge ár láithreán gréasáin i rith na tréimhse faoi athbhreithniú. Is ionann é seo agus 0.33% de na hamhairc leathanaigh go léir ar ár láithreán gréasáin. Taobh amuigh den leathanach baile i nGaeilge, ba iad seo a leanas an 3 leathanach Éireannacha is mó ar tugadh cuairt orthu i rith na tréimhse: Seirbhís Ardcháilíochta; Cén Scéal Nua; agus Mar Gheall Orainne.

**2.7.6** Leanann ár nAonad Oiliúna ag cur cúrsaí oiliúna Gaeilge chun cinn chun a chinntiú gur féidir leis an Oifig a dualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. I rith 2014 tháinig an tOifigeach Gaeilge, i gcomhar leis an Oifigeach Oiliúna, ar chúrsa i nGaeilge Dhlíthiúil a measadh a bheadh an-oiriúnach do dhlíodóirí ón Oifig seo. Reáchtáladh an Cúrsa Gaeilge Dhlíthiúil inmheánach seo, a raibh ceithre chuid ann, ina dhiaidh sin, i Márta 2015.

# CUID 3:

## CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ

# 3.1 CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ 2014

## RÉAMHRÁ

3.1.1 Tugann an chaibidil seo cur síos gearr ar chuid de chinntí na Cúirte i rith na bliana seo caite atá tábhachtach nó suimiúil nó a bhfuil luach fasach leo d'obair ionchúiseamh. Ní cheadaíonn an spás athbhreithniú cuimsitheach ar an gcásdlí ar fad ó 2014 ach ba chóir do na cásanna a luaitear tuairim a thabhairt don léitheoir faoi roinnt de na saincheisteanna a eascraíonn ó am go chéile in ionchúiseamh cionta.

## GABHÁIL

***DPP v. Peter Cullen* [2014] IESC 7, Fennelly J. Feabhra 18, 2014**

3.1.2 Sa chás seo, dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go raibh gabháil agus coinneáil an chúisí do thiomáint agus é ag ól mídhleathach i gcúinsí inar fheidhmigh an Garda ionchúisimh polasaí ginearálta de ghlais lámh ar dhaoine a bhí faoi amhras gan aird a thabhairt ar na cúinsí i gcásanna aonair. D'aontaigh an Garda ionchúisimh sa chúirt nár thug an cúisí aon chomhartha go raibh sé ag cur in aghaidh na gabhála. Is féidir úsáid ghlais lámh a chosaint i gcásanna aonair.

## ROCHTAIN AR CHOMHAIRLE DHLÍTHIÚIL

***DPP v. Raymond Gormley* agus *DPP v. Craig White* [2014] IESC 17, Clarke J., 6 Márta 2014**

3.1.3 Sna cásanna nasctha seo dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go síneann Alt 38.1 den bhunreacht a ráthaíonn an ceart chun trialach "in am trátha an dlí" do dhuine faoi amhras i gcoimeád an ceart a bheith aige chun rochtain ar dhlíodóir roimh thús ceistithe agus ní rochtain réasúnach amháin (Gormley). Ba chinneadh an-suntasach é seo.

Ach ní shíneann an ceart seo áfach, go dtí tógáil samplaí coirp le haghaidh scrúdaithe foréinsigh (White).

## BANNAÍ

***DPP v. David Mulvey* [2014] IESC 18, Dunne J. 25 Feabhra 2014**

3.1.4 Ba chóir don Stát agus é ag cur in aghaidh bannaí "ar bhonn Uí Cheallacháin", an bonn Uí Cheallacháin seo atá á ghairm aige a leagan amach go soiléir. Sa chás seo bhí na hagóidí ag diúltú do bhannaí róleathana agus níor thacaigh an fhianaise a cuireadh os comhair na cúirte faoi imeaglú líomhnaithe finnéithe le cinneadh na cúirte bannaí a dhiúltú.

***Leroy Roche aka Dumbrell v. Governor of Cloverhill Prison* [2014] IEHC 349, MacEochaidh J. 4 Iúil 2014**

3.1.5 Ní thagann an tAcht um Bannaí 1997 in ionad dlínse bunaidh na hArd-Chúirte nó dlínse na cúirte a bhfuil triail an chionta curtha os a chomhair chun bannaí a chulghairm. Tá cumhachtaí faoin dlí coiteann ag cúirteanna i gcónaí chun bannaí a dheonú agus a athghairm, de bhreis ar a gcumhachtaí atá san Acht um Bannaí 1997.

## GIÚIRÉ DÁTHEANGACH

*Peadar O'Maicin v. Ireland, AG agus DPP* [2014] IESC 12, Clarke J. 2 Márta 2014

3.1.6 D'iarr an cúisí, ar chainteoir dúchais Gaeilge é, go n-éistfeadh giúiré dhátheangach a thriail. Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go bhfuil ceart bunreachtúil ag cúisí chun an Ghaeilge a úsáid in imeachtaí cúirte ach ní dearbhcheart an ceart seo agus níl aon cheart bunreachtúil ar ghiúiré dhátheangach.

## CÁS SONRAITHE

*DPP v. Slavikas Kudriacevas* [2014] IEHC 53, O'Neill J. 7 Feabhra 2014

3.1.7 Sa chás feidhmithe sonraithe seo dhearbhaigh an Ard-Chúirt go dtugann alt 45 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 mar aon le hOrdú 122 riail 7 de na Cúirteanna Uachtaracha 1986 dlínse don Ard-Chúirt an teorainn ama trí lá a mhéadú maidir leis an gcás sínithe a sheirbheáil ar an bhfreagróir.

## BOSCA CÚIRTE NA MBOCHT

*Joseph Kennedy v. District Judge Gibbons agus DPP* [2014] IEHC 67, Hogan J. 20 Feabhra 2014

3.1.8 Dhearbhaigh an Ard-Chúirt nach bhfuil an dlínse ag an gCúirt Dúiche bosca na mbocht a fheidhmiú maidir le cionta i gcás go n-eisiann an reacht a chruthaigh an cion go sonrach an fhéidearthacht an Acht um Promhadh Ciontóirí 1907 a fheidhmiú nó i gcás go bhforálann an reacht do chur i bhfeidhm pointí pionóis.

## AN TACHT UM CHIONTA COIRIÚLA (CIONTA GADAÍOCHTA AGUS CALAOISE) 2001

*DPP v. Sarah Johnston agus Dean Gibbons* [2014] IEHC 104, Hogan J. 5 Márta 2014

3.1.9 Sa chás gadaíochta seo dhearbhaigh an Ard-Chúirt nach raibh sé riachtanach go mbeadh ainm beacht na comhlachta mar atá leagtha amach sa teastas ionchorpraithe ar dhuilleog na gcúiseamh ar an gcoinníoll go gcuireann an t-ainm ar dhuilleog na gcúiseamh eolas réasúnach ar fáil maidir le céannacht úinéara na maoine a goideadh agus nach bhfuil sé míthreorach taobh amuigh de sin.

## NOCHTADH MÍGHEANASACH

*Kevin McInerney v. DPP agus Brendan Curtis v. DPP* [2014] IEHC 181, Hogan J. 9 Aibreán 2014

3.1.10 Sna cásanna uamtha seo dhearbhaigh an Ard-Chúirt go raibh an cion "sárú modhúlachta" in aghaidh 18(1) den Acht um an Dlí Coiriúil arna Leasú 1935 míbhunreachtúil ar an mbonn go raibh an cion an-doiléir agus suibiachtúil de réir chineáil. Fógraíodh roimhe sin in 2013 go raibh dhá ghné den chion faoi alt 18 "cúis scanaill" agus "díobháil do mhoráltacht an phobail" ag dul in aghaidh an bhunreachta sa *David Douglas v. The Director of Public Prosecutions, Ireland and The Attorney General* [2013] IEHC 343, Hogan J. 26 Iúil 2013.

## MOILL

*Patrick Donoghue v. DPP* [2014] IESC, 55, Dunne J. 30 Iúil 2014

3.1.11 Ordú toirmisc arna dheonú don iarratasóir ag an gCúirt Uachtarach. Ba ógánach an tIarratasóir nuair a cúisíodh é i gcionta tromchúiseacha drugaí. Bhí moill sé mhí dhéag ann sular ciontaíodh é. Diúltaíodh dlínse sa chás a raibh de thoradh air gur éisteadh an cás i gcúirt d'aosaigh. Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go raibh de thoradh ar an moill ionchúiseach gur chaill an t-iarratasóir buntáiste, mar theorainneacha pianbhreithe agus a cheart chun anaithnideachta, a bheadh aige dá ndéileálfaí leis sa Chúirt Leanaí.

*G v. DPP* [2014] IEHC 33, O'Malley J. 24 Eanáir 2014

3.1.12 Ordú toirmisc arna dheonú don Iarratasóir ag an Ard-Chúirt. Ba ógánach an tIarratasóir nuair a cúisíodh é i gcionta éignithe. Bhí sé 15 bhliain d'aois nuair a tharla na cionta líomhnaithe in 2008. Níor cúisíodh é go dtí

2012 agus é in aois a 19 bliain. Dearbhaíodh gur fhág moill ionchúiseach de chuid na nGardaí gur fhulaing an t-iarratasóir dochar tríd an mbuntáiste a bhainfeadh le go ndéileálfaí leis sa Chúirt Leanaí a chailleadh, mar shampla teorainneacha pianbhreithe agus a cheart chun anaithnideachta. Chinn an chúirt go raibh dualgas ar leith ar an Stát imeachtaí a raibh baint ag ógánaigh leo a bhrostú.

### *J.(S). T v. DPP* [2014] IEHC, 5, Kearns P. 17 Eanáir 2014

3.1.13 Diúltaíodh ordú toirmisc don iarratasóir ag an Ard-Chúirt. Bhí 71 bhliain d'aois ag an Iarratasóir nuair a cúisíodh é in iliomad líon d'ionsaí mígheanasach a líomhnaíodh gur tharla idir 1979 agus 1981. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt nach raibh aon fhianaise le moill ionchúiseach ná aon fhianaise le neamhábaltacht an iarratasóra é féin a chosaint ar fhoras liachta.

## INNIÚLACHT AR PHLÉADÁIL

### *F.X v. The Clinical Director of the Central Mental Hospital agus DPP* [2014] IEHC 4, Denham CJ. 23 Eanáir 2014

3.1.14 Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go gcaithfidh ordú cúirte do choinneáil faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 ceanglais don phróiseas dhá pháirte a bhfuil cur síos air sa reachtaíocht, a chomhlíonadh. Sa phróiseas dhá chéime bhí éisteacht cúirte tosaigh i gceist chun 14 lá coinneála a ordú le scrúdú dochtúra a éascú, agus an dara éisteacht sa chaoi gur féidir leis an gcúirt a chinneadh an bhfuil tuilleadh coinneála riachtanach, bunaithe ar an scrúdú sin.

## ATHBHREITHNIÚ BREITHNIÚNACH

### *Michael Farrell v. Governor of St. Patrick's Institution* [2014] IESC 30, Denham CJ. 10 Aibreán 2014

3.1.15 Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach nach gcuireann deonú bac ar imeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha de chuid na hArd-Chúirte cosc ar bhreitheamh na Cúirte Dúiche ordú a dhéanamh cúisí a athchur go dáta eile. Ní chuireann bac deireadh le himeachtaí na Cúirte Dúiche ach cuireann ar fionraí nó cuireann siar iad ag feitheamh ar chinneadh an athbhreithnithe breithiúnaigh.

## FÁTHANNA LE CINNTÍ SA CHÚIRT DÚICHE

### *Patrick Kenny v. District Judge Coughlan* [2014] IESC 15, Denham CJ. 5 Márta 2014

3.1.16 Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go mbraithfidh an méid ar chóir do bhreitheamh na Cúirte Dúiche cúiseanna a thabhairt maidir lena chinntí, ar nádúr an cháis. I dtrialacha achoimre áirithe is féidir gur leor don bhreitheamh a rá gur fearr leis fianaise pháirtí amháin seachas an ceann eile gan go mbeadh air mionléiriú a thabhairt ar an rud atá soiléir. Sa chás seo is mionchion tiomána róghasta a bhí sa chúis agus rinne an t-iarratasóir gearán nár chuir an breitheamh sa Chúirt Dúiche cúis mhionsonraithe go leor ar fáil faoin bhfáth a raibh sé ag glacadh le fianaise finnéithe an ionchúisimh.

## POIBLÍOCHT RÉAMHTHRIALACH

### *Breifne O'Brien v. DPP* [2014] IESC 39, Denham C.J. 14 Bealtaine 2014

3.1.17 Cúisíodh an tIarratasóir i gcionta gadaíochta agus rinne sé iarracht a thriail a chosc ar bhonn poiblíochta díobhálaí réamhthrialaí. Dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach don iarratas. Bhí roinnt blianta caite ó tharla formhór na poiblíochta. Chinntigh feidhmiú an fhachtóra dul in éag agus breitheamh na trialach i riocht treoracha a thabhairt don ghiúiré go bhféadfadh triail chóir a bheith ann.

## PIANBHREITH AR FIONRAÍ A CHÚLGHAIRM

### *Damien McCabe v. Ireland, AG agus DPP* [2014] IEHC 435, Hogan J. 29 Meán Fómhair 2014

3.1.18 Dhearbhaigh an Ard-Chúirt go raibh easpa achomhairc míbhunreachtúil i gcás gur fhorchuir an Chuairt Chuarda pianbhreith ar fionraí ar achomharc ón gCúirt Dúiche agus

go socraíonn an phianbhreith a athmhúscailt. Ba é an leigheas a mhol an chúirt a dhearbhú go raibh an athmhúscailt a d'eascair infhorfheidhmithe ar fheitheamh réiteach na míbhunreachtúlachta.

***DPP v. Jeffrey Carter* [2014] IEHC 179, O'Malley, 21 Márta 2014**

**3.1.19** Dhearbhaigh an Ard-Chúirt go raibh an tagairt do na "chéad suí eile" in alt 99(9) den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 sainordaitheach agus ní treorach agus má cuireadh cúisí siar go suí nárbh é an chéad suí eile den chúirt eile, nach raibh an dlínse ag an gcúirt sin breithniú a dhéanamh ar chúlghairm na pianbhreithe ar fionraí.

## PIANBHREITH A CHUR

***DPP v. Anthony Lyons* [2014] IECCA 27, Murray J. 31 Iúil 2014**

**3.1.20** Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil go raibh an phianbhreith a gearradh ar an bhfreagróir ríthrócaireach. Ciontaíodh an Freagróir i gcion ionsaithe gnéis a bhí go mór chun tosaigh ar an scála pianbhreithe. Ciontaíodh é agus cuireadh pianbhreith 6 bliana príosúnachta air agus 5½ bliana ar fionraí ar théarmaí éagsúla.  Lorg an DPP athbhreithniú ar an bpianbhreith. Dhearbhaigh an Chúirt go ndearna breitheamh na trialach earráid i bprionsabal trí ualú rómhór a dhéanamh ar an raon fachtóirí maolaithe a d'ardaigh an Freagróir. Chuir sí an phianbhreith bhunaidh ar neamhní agus chuir pianbhreith de 6 bliana air, an 4 bliana deireanacha ar fionraí.

***DPP v. Z* [2014] IECCA 13, Clarke J. 18 Márta 2014**

**3.1.21** Sa chás seo dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil gur cheart don ionchúiseamh aird an bhreithimh phianbhreithe a tharraingt ar aon treoir de chuid na Cúirte Achomhairc Choiriúil a thagair do na raoin nó na bannaí pianbhreitheanna a d'fhéadfaí a mheas a bheith cuí. Bhí an Chúirt tar éis treoir maidir le pianbhreith a chur ar fáil go deireanach do chionta faoi dhíobháil thromchúiseach a dhéanamh agus arm thine a shealbhú in imthosca amhrasacha

***DPP v. Fitzgibbon* [2014] IECCA 12, Clarke J. 18 Márta 2014**

**3.1.22** Bhunaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil treoirlínte pianbhreithe don chion dochar a dhéanamh in aghaidh alt 4 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997. Mhol sí in éagmais imthosca neamhghnácha, agus roimh thosca maolaithe a bhreithniú, go mba chóir pianbhreith den taobh níos ísle den raon ciona a bheith idir 2-4 bliana. Do chion sa mheánraon is pianbhreith de idir 4 agus 7½ bliain ba chóir a bheith ann. Don chineál ciona is tromchúisí  ba chóir gur pianbhreith idir 7 go 12½ bliain a bheadh ann. Ar deireadh, d'fhéadfadh cásanna eisceachtúla a bheith ann, ar cheart, gan maolú, pianbhreith de idir 12½ bliain agus pianbhreith saoil a ghearradh orthu

***DPP v. Ryan* [2014] IECCA 11, Clarke J. 18 Márta 2014**

**3.1.23** Bhunaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil treoirlínte pianbhreithe don chion arm tine a shealbhú in imthosca amhrasacha in aghaidh alt 27A d'Acht na nArm Tine 1964 arna leasú. Moltar sula gcuirtear imthosca maolaithe san áireamh, go mba chóir pianbhreith don taobh is ísle den raon ciona a bheith idir 5 agus 7 mbliain. Do chion sa mheánraon ba chóir gur pianbhreith idir 7 agus 10 mbliana a bheadh ann. Do chion ag barr an raoin ba chóir gur pianbhreith idir 10 agus 14 bliain a bheadh ann.

## IARRATAIS ROINN 4E MAIDIR LE DÍBHE

***DPP v. Ibrahim Lawel* [2014] IECCA 33, MacMenamin J. 24 Deireadh Fómhair 2014**

**3.1.24** Cúisíodh an freagróir i gcionta drugaí. Líomhnaíodh gur ghlac sé le beart, de bhun seachadta rialaithe, a raibh drugaí rialaithe ann. Tugadh iarratas alt 4E os comhair na Cúirte Cuarda. Rialaigh an breitheamh go raibh tascradh na ndrugaí ag na hoifigigh

chustaim mídhleathach agus scaoileadh saor an freagróir. Rinne an Stiúrthóir achomharc in aghaidh an chinnidh chuig an Chúirt Achomhairc Choiriúil. Chuir an chúirt sin rialú na Cúirte Cuarda ar neamhní, á rialú nach féidir déileáil go cuí le saincheist chuardaigh mhídhleathaigh faoi alt 4E agus go bhfuil cúirt trialach riachtanach le raon suntasach imthosca a bhreithniú, agus cleachtadh cothromaíochta a dhéanamh roimh chinneadh a dhéanamh ar cheist inghlacthachta. Threoraigh an Chúirt gur chóir go ngabhfadh an cás chun a thrialach.

## AN CHÚIRT CHOIRIÚIL SPEISIALTA

### *DPP v M.C* [2014] IESC 28, Fennelly J. 9 Aibreán 2014

**3.1.25** Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go gcuireann alt 30(3A) den Acht um Chionta in Aghaidh an Stáit 1939 cosc ar na Gardaí duine faoi amhras a cheistiú atá i gcoimeád faoin Acht ar chion seachas an ceann a bhfuil sé coinnithe lena aghaidh, mura gcreideann an Garda atá i gceannas ar an stáisiún go bhfuil foras réasúnach aige a chreidiúint go mbeadh coinneáil leanúnach an duine a bhfuil amhras faoi, riachtanach chun an cion a fhiosrú i gceart.

### *Thomas Murphy v Ireland, AG agus DPP* [2014] IESC, O'Donnell, J. 11 Márta 2014

**3.1.26** Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach gur chóir don DPP, más féidir, cúiseanna a thabhairt do chúisí, má lorgaíonn sé sin, faoi cén fáth ar beartaíodh an cúisí a chur ar a thriail sa Chúirt Choiriúil Speisialta seachas é a chur ar a thriail le giúiré. D'fhéadfadh na cúiseanna a bheith an-ghinearálta agus níl aon cheanglas ann éisteacht ó bhéal a bheith ann, croscheistiú finnéithe nó foráil d'aighneachtaí.

# CUID 4:

## STAITISTICÍ

# STAITISTICÍ

## Nóta Mínithe i nDáil le Staitisticí

4.1 Tá Cuid 4 briste síos i dtrí roinn ar leith

- Cairt 1 go dtí Cairt 5 (Cuid 4.1) a bhaineann le comhaid a theacht isteach san Oifig agus lena n-áirítear mionsonraí faoi chineálacha na dtreoracha a tugadh;
- Cairt 6 go dtí Cairt 10 (Cuid 4.2) ina dtugtar mionsonraí faoi thorthaí na gcásanna a ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh ar díotáil ina leith maidir leis na comhaid sin a tháinig faoi bhráid na hOifige idir an bhliain 2010 agus an bhliain 2012.
- Cairt 11 go dtí Cairt 13 (Cuid 4.3) a bhaineann le hiarratais chuig na Cúirteanna ar athbhreithniú ar phianbhreitheanna ar fhoras iad a bheith róthrócaireach; coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní a eascraíonn ó choiriúlacht; agus Barántais Ghabhála Eorpacha.
- Soláthraíonn Cairt 14 (Cuid 4.4) mionsonraí faoi ullmhú/eisiúint Iarrataí ar Eiseachadadh (eiseachadadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Bharántas Gabhála Eorpaigh).
- Tugann Cairt 15 (Cuid 4.5) mionsonraí ar iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach a phróiseáil Oifig an an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

4.2 Baineann gach idirdhealú de réir na mblianta sna táblaí staitistice leis an mbliain ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige. Is é cúis atá le heolas a ríomh chomh fada siar i gcairteanna 6 go dtí 10 ionas go dtugtar san áireamh an tréimhse ama a bhíonn caite idir cinneadh ionchúiseamh a thioncsnamh agus an tráth a dtugtar breith cúirte. Dá mbeifí le staitisticí a chur ar fáil i ndáil le torthaí chásanna na bliana 2014, bheadh sciar mór de na cásanna á rangú go fóill mar chásanna atá le héisteacht agus is beag fiúntais a bheadh leis na staitisticí. Ní gá gur léiriú ionadaíoch an léargas ar chásanna a éistítear tamall gairid tar éis a dtabhairt.

4.3 Déantar iarracht sa tuarascáil seo leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a thabhairt san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh na sonraí roimhe seo. Mar gheall ar an athrú a thagann go seasta ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a rabhthas ag feitheamh ina leith tráth ar ullmhaíodh tuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche faoin am seo – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil leis an bhfaisnéis ar an réimse céanna cásanna i dtuarasálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní móide gur inchomórtais sonraí ó bhlianta éagsúla ó tharla gur mó de na cásanna a thugtar chun críche le himeacht aimsire agus go bhfágfadh sin gur iomláine an t-eolas maidir le cásanna ó na blianta is luaithe ná ó na blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh leasú maidir leis na sonraí a luaitear sna staitisticí seo i mí Meitheamh 2015.

4.4 Ní mór cúram maidir leis na staitisticí seo a chur i gcomparáid le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar rangú agus ar chatagóirí na hOifige féin agus ní gá go mbeadh an córas sin agus an córas rangúcháin in eagraíocht eile ag teacht le chéile go baileach.

# 4.1 COMHAID IONCHÚISIMH A FUARTHAS

Léirítear i gCairt 1 an líon iomlán comhad ionchúisimh a fuarthas in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 2002 go 2014.

Ní áirítear sa chairt obair atá déanta ag an Oifig i ndáil le nithe eile nach mbaineann go díreach le comhaid ionchúisimh choiriúil, mar shampla: iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána, ó aturnaetha stáit áitiúla nó ó ghníomhaireachtaí eile; nithe a bhaineann le beartas; nó fiosrúcháin ghinearálta.

**CAIRT 1: LÍON IOMLÁN NA GCOMHAD A FUARTHAS**

| BLIAIN | COMHAID |
|---|---|
| 2002 | 14,586 |
| 2003 | 14,696 |
| 2004 | 14,613 |
| 2005 | 14,427 |
| 2006 | 15,279 |
| 2007 | 15,446 |
| 2008 | 16,144 |
| 2009 | 16,074 |
| 2010 | 15,948 |
| 2011 | 16,127 |
| 2012 | 15,285 |
| 2013 | 13,766 |
| 2014 | 14,023 |

Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a ceann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithtear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

## CAIRT 2: COMHAID A NDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA NATURNAETHA

| | 2014 | % | 2013 | % | 2012 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche | 1143 | 22% | 1155 | 21% | 1328 | 21% |
| Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda | 1712 | 33% | 1790 | 33% | 2430 | 38% |
| Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte | 1999 | 39% | 2103 | 39% | 2418 | 37% |
| Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha | 318 | 6% | 338 | 6% | 292 | 5% |
| **IOMLÁN** | **5172** | | **5386** | | **6468** | |



Léiríonn Cairt 3 an líon comhad a fuarthas ina gcaitear cinneadh a dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar cás a ionchúiseamh. Déanann an chairt comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na n-amhrastach is ábhar do na comhaid sin. Baineann go leor comhad le níos mó ná amhrastach amháin agus dá gcaithfí le comhad mar sin mar chás aonair d'fhéadfá ualach oibre míchruinn a lua leis an Oifig. Tá sé tábhachtach, mar sin, féachaint ar líon iomlán na n-amhrastach chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

## CAIRT 3: BRISEADH SÍOS MAIDIR LEIS NA COMHAID A FUARTHAS D'FHONN CINNEADH CIBÉ AN NDÉANFAÍ IONCHÚISEAMH

| | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcomhad a fuarthas d'fhonn cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh | 8851 | 8380 | 8817 |
| Lion na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin | 11791 | 11189 | 11967 |



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2012, 2013 agus 2014 (suas go dtí Meitheamh 2015). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcuntas:

**Ionchúiseamh ar bith:** Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

**Ionchúiseamh ar Díotáil:** Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.

**Diúscairt Achomair:** Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

**Faoi Bhreithniú:** Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

**NÓTA:** *Tá na figiúirí do 2012 agus 2013 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hIonchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.*

## CAIRT 4: DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS

| Treoir Déanta | 2014 | % | 2013 | % | 2012 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionchúiseamh ar Bith | 5177 | 44% | 4688 | 42% | 4817 | 40% |
| Ionchúiseamh nó Indíotail | 3111 | 26% | 3110 | 28% | 3459 | 29% |
| Diúscairt Achomair | 3384 | 29% | 3367 | 30% | 3682 | 31% |
| **LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH** | **11672** | **99%** | **11165** | **100%** | **11958** | **100%** |
| Faoi Bhreithniú | 119 | 1% | 24 | 0% | 9 | 0% |
| **IOMLÁN** | **11791** | | **11189** | | **11967** | |



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe.  Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt.  Is é 'eile' an tagairt a úsáidtear ina leith seo sa chairt thíos.

## CAIRT 4A: CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

| **Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh** | **2014** | **%** | **2013** | **%** | **2012** | **%** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ganntanas Fianaise | 4135 | 80% | 3729 | 80% | 3770 | 78% |
| Clár Athstiúrtha Óige | 59 | 1% | 54 | 1% | 73 | 2% |
| Leas an Phobail | 92 | 2% | 106 | 2% | 119 | 2% |
| Forais Simpiteacha | 4 | 0% | 5 | 0% | 1 | 0% |
| Tréimhse Ama Caite | 31 | 1% | 33 | 1% | 37 | 1% |
| Moill Mhíchuí | 61 | 1% | 46 | 1% | 39 | 1% |
| Tarraingíonn an Páirtí Díobhálaithe Siar an Gearán | 253 | 5% | 201 | 4% | 212 | 4% |
| Rabhadh Aosach | 121 | 2% | 107 | 2% | 138 | 3% |
| Eile | 421 | 8% | 407 | 9% | 428 | 9% |
| **IOMLÁN** | **5177** | | **4688** | | **4817** | |



I mí Deireadh Fómhair 2008, d'fhógair an Stiúrthóir athrú ar an bpolasaí maidir le cúiseanna a lua le cinneadh ionchúisimh sa chás go gcinntear gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tugadh isteach an polasaí ar bhonn píolótach faoina dtugtar na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh i gcás a raibh bás i gceist leis do mhuintir nó do theaghlach an íospartaigh ar iadsan sin a iarraidh. Go dtí gur tháinig an t-athrú sin ar an bpolasaí, thugtaí na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh don Gharda Síochána nó don Aturnae Stáit ach ní luaití cúiseanna le haon duine den phobal. Tá an polasaí seo i bhfeidhm maidir le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, nó gan leanacht ar aghaidh le hionchúiseamh, i ndáil le cionta a bhfuil bás duine ag baint leo nuair a tharla an cion líomhnaithe ar an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó tráth is deireanaí ná sin.

Tá 91 iarraidh ar iomlán faighte ó tugadh insteach an beartas. 63% díobh sin a bhain le timpistí bóthair inar maraíodh duine.

## CAIRT 4B: IARRATAIS GO LUAIFÍ CÚISEANNA A FUARTHAS IDIR DEIREADH FÓMHAIR 2008 AGUS MEITHEAMH 2015

| Deonaithe | Dhiúltaigh | Tarraingíodh siar | Ar Feitheamh | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| 78 | 4 | 1 | 8 | **91** |

Is briseadh síos atá i gCairt 4D de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbreithniú' (féach cairt 4). Áirítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

## CAIRT 4D: CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

| | | | | | | Ionchúiseamh ar Díotáil Treoraithe de Réir Contae an Chiona | | | | | Cássanna an 1,000 Dúinne | | | | | Meáin Rolta 3 Bliana | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Daonra 2014* | Daonra 2013 * | Daonra 2012 * | Daonra 2011 * | Daonra 2010 * | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2012-2014 | 2011-2013 | 2010-2012 |
| **Ceatharlach** | 55,405 | 55,438 | 54,966 | 54,612 | 54,868 | 45 | 27 | 36 | 44 | 49 | 0.81 | 0.49 | 0.65 | 0.81 | 0.89 | 0.65 | 0.65 | 0.78 |
| **An Cabhán** | 71,621 | 72,431 | 72,616 | 73,183 | 68,420 | 32 | 50 | 29 | 40 | 45 | 0.45 | 0.69 | 0.40 | 0.55 | 0.66 | 0.51 | 0.55 | 0.53 |
| **An Clár** | 116,848 | 116,786 | 117,435 | 117,196 | 115,121 | 85 | 59 | 86 | 100 | 115 | 0.73 | 0.51 | 0.73 | 0.85 | 1.00 | 0.65 | 0.70 | 0.86 |
| **Corcaigh** | 525,957 | 523,770 | 520,333 | 519,032 | 502,193 | 414 | 383 | 334 | 402 | 392 | 0.79 | 0.73 | 0.64 | 0.77 | 0.78 | 0.72 | 0.72 | 0.73 |
| **Dún na nGall** | 157,697 | 159,482 | 159,888 | 161,137 | 157,427 | 44 | 58 | 60 | 59 | 98 | 0.28 | 0.36 | 0.38 | 0.37 | 0.62 | 0.34 | 0.37 | 0.45 |
| **Baile Átha Cliath** | 1,274,600 | 1,262,400 | 1,262,900 | 1,273,069 | 1,207,300 | 1206 | 1258 | 1381 | 1571 | 1697 | 0.95 | 1.00 | 1.09 | 1.23 | 1.41 | 1.01 | 1.11 | 1.24 |
| **Gaillimh** | 246,006 | 246,457 | 246,175 | 250,653 | 240,630 | 136 | 95 | 124 | 101 | 97 | 0.55 | 0.39 | 0.50 | 0.40 | 0.40 | 0.48 | 0.43 | 0.44 |
| **Ciarraí** | 147,443 | 146,830 | 145,867 | 145,502 | 145,907 | 81 | 84 | 116 | 130 | 93 | 0.55 | 0.57 | 0.80 | 0.89 | 0.64 | 0.64 | 0.75 | 0.78 |
| **Cill Dara** | 216,574 | 214,158 | 213,881 | 210,312 | 209,360 | 93 | 93 | 134 | 125 | 137 | 0.43 | 0.43 | 0.63 | 0.59 | 0.65 | 0.50 | 0.55 | 0.63 |
| **Cill Chainnigh** | 96,804 | 96,861 | 96,037 | 95,419 | 95,417 | 33 | 40 | 48 | 68 | 64 | 0.34 | 0.41 | 0.50 | 0.71 | 0.67 | 0.42 | 0.54 | 0.63 |
| **Laois** | 82,895 | 82,353 | 81,868 | 80,559 | 72,824 | 34 | 46 | 74 | 59 | 31 | 0.41 | 0.56 | 0.90 | 0.73 | 0.43 | 0.62 | 0.73 | 0.69 |
| **Liatroim** | 31,119 | 31,471 | 31,552 | 31,798 | 30,948 | 15 | 10 | 8 | 14 | 9 | 0.48 | 0.32 | 0.25 | 0.44 | 0.29 | 0.35 | 0.34 | 0.33 |
| **Luimneach** | 191,239 | 191,138 | 192,200 | 191,809 | 190,974 | 129 | 161 | 119 | 168 | 210 | 0.67 | 0.84 | 0.62 | 0.88 | 1.10 | 0.71 | 0.78 | 0.86 |
| **An Longford** | 40,131 | 39,869 | 39,634 | 39,000 | 37,348 | 24 | 29 | 41 | 43 | 68 | 0.60 | 0.73 | 1.03 | 1.10 | 1.82 | 0.79 | 0.95 | 1.32 |
| **Lú** | 120,274 | 121,634 | 121,944 | 122,897 | 118,946 | 97 | 69 | 119 | 103 | 101 | 0.81 | 0.57 | 0.98 | 0.84 | 0.85 | 0.78 | 0.79 | 0.89 |
| **Maigh Eo** | 128,216 | 128,451 | 128,304 | 130,304 | 128,629 | 55 | 76 | 90 | 74 | 85 | 0.43 | 0.59 | 0.70 | 0.57 | 0.66 | 0.57 | 0.62 | 0.64 |
| **An Mhí** | 189,618 | 187,503 | 187,260 | 184,135 | 182,952 | 74 | 70 | 63 | 82 | 86 | 0.39 | 0.37 | 0.34 | 0.45 | 0.47 | 0.37 | 0.39 | 0.42 |
| **Muineachán** | 59,192 | 59,861 | 60,014 | 60,483 | 59,862 | 30 | 33 | 34 | 34 | 41 | 0.51 | 0.55 | 0.57 | 0.56 | 0.68 | 0.54 | 0.56 | 0.60 |
| **Uíbh Fhailí** | 78,911 | 78,395 | 77,933 | 76,687 | 76,961 | 43 | 25 | 65 | 44 | 27 | 0.54 | 0.32 | 0.83 | 0.57 | 0.35 | 0.57 | 0.58 | 0.59 |
| **Ros Comáin** | 62,877 | 62,992 | 62,921 | 64,065 | 61,041 | 22 | 22 | 21 | 17 | 20 | 0.35 | 0.35 | 0.33 | 0.27 | 0.33 | 0.34 | 0.32 | 0.31 |
| **Sligeach** | 63,997 | 64,721 | 64,886 | 65,393 | 65,097 | 25 | 46 | 47 | 40 | 48 | 0.39 | 0.71 | 0.72 | 0.61 | 0.74 | 0.61 | 0.68 | 0.69 |
| **Tiobraid Árann** | 159,829 | 159,845 | 159,470 | 158,754 | 159,195 | 86 | 126 | 121 | 109 | 89 | 0.54 | 0.79 | 0.76 | 0.69 | 0.56 | 0.70 | 0.74 | 0.67 |
| **Port Láirge** | 115,447 | 115,515 | 114,532 | 113,795 | 117,651 | 95 | 72 | 88 | 97 | 90 | 0.82 | 0.62 | 0.77 | 0.85 | 0.76 | 0.74 | 0.75 | 0.80 |
| **An Iarmhí** | 88,663 | 88,083 | 87,564 | 86,164 | 86,167 | 61 | 48 | 82 | 71 | 71 | 0.69 | 0.54 | 0.94 | 0.82 | 0.82 | 0.72 | 0.77 | 0.86 |
| **Loch Garman** | 147,429 | 147,517 | 146,261 | 145,320 | 143,574 | 61 | 52 | 76 | 61 | 74 | 0.41 | 0.35 | 0.52 | 0.42 | 0.52 | 0.43 | 0.43 | 0.48 |
| **Cill Mhantáin** | 140,708 | 139,139 | 138,959 | 136,640 | 141,788 | 91 | 77 | 62 | 84 | 83 | 0.65 | 0.55 | 0.45 | 0.61 | 0.59 | 0.55 | 0.54 | 0.55 |
| **IOMLÁN** | **4,609,500** | **4,593,100** | **4,585,400** | **4,588,252** | **4,470,600** | **3111** | **3110** | **3459** | **3741** | **3920** | | | | | | | | |

*As figiúirí daonáirimh 2011 a tógadh figiúirí an daonra don bhliain sin. Tá figiúirí 2010, 2012 , 2013 & 2014 bunaithe ar leithroinnt chomhréireach na bhfigiúirí daonra réigiúnacha measta arna fhoilsiú sna Meastacháin ar Dhaonra & ar Imirce de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh arna eisiúint in, 2010, 2012, 2013 & 2014.*

Léiríonn Cairt 5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiuint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir "duine atá faoi amhras" seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Féadfar tuilleadh faisnéise a lorg chun cruthúnas cáis a fheabhsú, cé nach comhartha é seo go raibh aon locht ar an imscrúdú.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh.

## CAIRT 5: AN TAM A CAITHEADH SULAR EISÍODH CINNEADH

| An tAm a Caitheadh | 2014 | % | 2013 | % | 2012 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 - Dhá Sheachtain | 6004 | 51% | 6120 | 55% | 5373 | 45% |
| Dhá - Cheithre Sheachtain | 2092 | 18% | 1646 | 15% | 1919 | 16% |
| Ceithre Seachtaine - Trí Mhí | 2416 | 20% | 2223 | 20% | 3072 | 26% |
| Trí Mhí - Sé Mhí | 878 | 7% | 711 | 6% | 1004 | 8% |
| Sé Mhí - Dhá Mhí Dhéag | 257 | 2% | 373 | 3% | 449 | 4% |
| Os Cionn Bliana | 25 | 0% | 92 | 1% | 141 | 1% |
| **LÍON IOMLÁN COMHAD DIÚSCARTHA** | **11672** | **99%** | **11165** | **100%** | **11958** | **100%** |
| Faoi Bhreithniú | 119 | 1% | 24 | 0% | 9 | 0% |
| **IOMLÁN** | **11791** | | **11189** | | **11967** | |



# 4.2 TORTHAÍ NA GCÁSANNA ARNA N-IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL

**4.2.1** Soláthraítear faisnéis i gCairteacha 6 go dtí 10 ar ionchúisimh ar díotáil a thóg an Stiúrthóir i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2011 agus 2013. Mar a tagraíodh sa nóta mínithe tosaigh, ba chóir a bheith cúramach agus comparáid á dhéanamh le figiúirí a sholáthraíonn aon eagraíocht eile, mar go bhféadfadh siad a bheith curtha le chéile ar bhealach éagsúil.

**4.2.2** Baineann na figiúirí sna cairteacha seo le daoine aonair a raibh amhras fúthu a raibh treoir déanta iad a ionchúiseamh ar díotáil. Soláthraítear staitisticí ar bhonn duine a raibh amhras faoi seachas ar bhonn comhaid a fuarthas. Sin mar gheall go ndéantar treoracha i ndáil le gach duine aonair a bhíonn laistigh de chomhad seachas in aghaidh comhaid iomlán mar aonán ann féin. Ag brath ar an bhfianaise a sholáthraítear, déantar treoracha éagsúla go minic i ndáil le daoine aonair a fhaightear mar chuid den chomhad céanna. Tagraíonn na tagairtí sna cairteanna sin do 'chásanna' d'ionchúisimh a thógtar in aghaidh daoine aonair a mbíonn amhras fúthu. Cé go bhféadfaí daoine aonair ar chomhad a thabhairt chun trialach le chéile nuair a bhíonn treoir déanta iad a ionchúismh i gcúirteanna le dlínse comhionann, baileofar fíorasc gach duine aonair ar leithligh d'fhonn na staitisticí sin.

**4.2.3** Soláthraítear staitisticí ar an mbunús de thoradh amháin in aghaidh gach duine; beag beann ar an líon cúiseanna agus cionta a liostaítear ar an díotáil. Bristear na ciontuithe síos mar seo a leanas: ciontaithe ag giúiré, ciontaithe ar phléadáil, agus ciontaithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach. Is ionann ciontú ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach agus nár ciontaíodh an t-amhrasach as an bpríomhchúiseamh nó as an gcúiseamh níos tromchúisí ar an díotáil. Tá an catagóiriú cionta a úsáidtear sna príomhchairteacha de réir an phríomhchiona nó an cion is tromchúisí ar an díotáil. Dá bhrí sin, sa chás go ndéantar an cosantóir a chiontú le cion nach bhfuil chomh tromchúiseach, d'fhéadfadh an cion nó na cionta a chiontaítear ann iad a bheith éagsúil ón gcion a mbíonn siad catagóirithe faoi sna cairteacha. Mar shampla, d'fhéadfaí duine a chúiseamh i ndúnmharú ach ar deireadh go gciontófaí an duine sin i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach sin i ndúnorgain nó cúisithe i dtrom-bhuirgléireacht ach ciontaithe ar deireadh i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach i mbuirgléireacht. Tá briseadh síos ar chiontuithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach i ndáil leis na cásanna a éistíodh sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i gcairteacha 8A agus 9A. Sa chás go ndéantar amhrasach a chatagóiriú mar 'éigiontaithe', ciallaíonn sé sin go mbíonn an duine éigiontaithe i ngach cúiseamh.

**4.2.4** Ba chóir a thabhairt ar aird freisin go mbaineann staitisticí atá leagtha amach sna cairteacha seo le cad a tharla sa chúirt trialach agus sin amháin agus ní i gcúirt achomhairc ina dhiaidh sin. Is é sin le rá sa chás go gciontaítear duine agus go ndéantar an ciontú sin a chealú nuair a dhéantar é a achomharc, léirítear toradh na trialach i gcónaí sna staitisticí mar chiontú.

**4.2.5** Ba chóir a bheith cúramach i ndáil leis na rátaí ciontaithe agus éigiontaithe a léirmhíniú maidir leis na blianta is déanaí, toisc nach mbeidh líon ard cásanna tugtha chun críche. Ní bheidh an pictiúr a bheidh le feiceáil ó na staitisticí seo chomh iomlán agus chomh ionadaíoch leo sin i ndáil le blianta roimhe sin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cásanna a chualthas luath go maith mar shampla ionadaíoch ar an iomlán.

Léiríonn Cairt 6 an toradh a bhí ar na hionchúisimh ar díotáil a tugadh i ndáil le cúisithe ar thosaigh na hionchúisimh ina leith sna blianta 2011 go 2013 (suas go Meitheamh 2015). Baineann na figiúirí le:

**Ciontú:** Ciontú i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cúiseanna a bhí i gceist.

**Scaoileadh saor:** An cosantóir neamhchiontach i leith gach cúis a bhí i gceist.

**Gan éisteacht go fóill:** Cinneadh déanta dul ar aghaidh le hionchúiseamh agus iad le dul os comhair cúirte.

